| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad atá agat? | What do you have? |
| | Tá cat agam. | I have a cat. |
| | Níl madra agam. | I don't have a dog. |
| | An bhfuil cat agat? | Do you have a cat? |
| | Nach bhfuil madra agat? | Don't you have a dog? |
| | Tá. | Yes (after question with *an bhfuil*). |
| | Níl. | No (after question with *an bhfuil*). |
| | Cén saghas peata atá agat? | What kind of pet do you have? |
| **2.** | Cad atá ag Seán? | What does John have? |
| | Tá cat aige. | He has a cat. |
| | An bhfuil madra ag Máire? | Does Mary have a dog? |
| | Níl. Níl ach cat aici. | No. She only has a cat. |
| | Níl. Níl peata ar bith aici. | No. She doesn't have any pet. |
| | An bhfuil peataí agaibh? | Do y'all have pets? |
| | Tá. Tá cait agus madraí againn. | Yes. We have cats and dogs. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tá <u>*peata*</u> agam. | I have <u>*a pet*</u>. | Tá <u>*peata*</u> againn. | We have <u>*a pet*</u>. |
| Tá <u>*peata*</u> agat. | You have <u>*a pet*</u>. | Tá <u>*peata*</u> agaibh. | Ye have <u>*a pet*</u>. |
| Tá <u>*peata*</u> aige. | He has <u>*a pet*</u>. | Tá <u>*peata*</u> acu. | They have <u>*a pet*</u>. |
| Tá <u>*peata*</u> aici. | She has <u>*a pet*</u>. | Tá <u>*peata*</u> ag Seán. | Sean has <u>*a pet*</u>. |

| | | |
|---|---|---|
| **3.** | An bhfuil peata ag aon duine? | Does anyone have a pet? |
| | Tá. Tá ceann agamsa. | Yes. I have one. |
| | Cé aige a bhfuil peata? | Who has a pet? |
| | Tá ceann ag Seán. | John has one. |
| **4.** | Cad a bhí agat? | What did you have? |
| | Bhí cat agam. | I had a cat. |
| | Ní raibh madra agam. | I didn't have a dog. |
| | An raibh cat agat? | Did you have a cat? |
| | Nach raibh madra agat? | Didn't you have a dog? |
| | Bhí. | Yes (after question with *an raibh*). |
| | Ní raibh. | No (after question with *an raibh*). |
| | Cén saghas peata a bhí agat? | What kind of pet did you have? |

**Comhrá 1**

A: Cad atá agat?
B: Tá peata agam.
A: An bhfuil cat agat?
B: Níl. Níl cat agam.
A: Cén saghas peata atá agat?
B: Tá madra agam.

**Conversation 1**

What do you have?
I have a pet.
Do you have a cat?
No, I don't have a cat.
What kind of pet do you have?
I have a dog.

**Comhrá 2**

A: An bhfuil cat ag Máire?
B: Níl. Ach, tá madra aici.
A: An bhfuil madra ag Seán freisin?
B: Tá. Tá madra aige.

**Conversation 2**

Does Mary have a cat?
No, but she has a dog.
Does John have a dog, too?
Yes, he has a dog.

**Comhrá 3**

A: An bhfuil peann agaibh?
B: Níl peann agamsa, ach bhí ceann ag *Seán*.
A: An bhfuil peann agatsa, a *Sheáin*?
C: Bhí, ach níl sé agam anois.
B: Nach raibh peann luaidhe agat?
C: Bhí. Agus tá sé agam go fóill. Seo duit.
A: Go raibh maith agat.

**Conversation 3**

Do y'all have a pen?
I don't have a pen, but *John* had one.
Do you have a pen, *John*?
I had one, but I don't have it now.
Didn't you have a pencil.
Yes. And I still have it. Here you are.
Thank you.

**Comhrá 4**

S: Dia duit, a *Mháire*.
M: Dia 's Muire duit, a *Sheáin*.
S: Conas atá tú?
M: Tá mé go maith, ach tá tart orm.
S: An raibh tú amuigh?
M: Bhí, agus ní raibh uisce agam.
S: Ar mhaith leat cupán líomanáide?
M: Ba mhaith, le do thoil.
S: … Seo duit.
M: Go raibh maith agat.
S: Tá fáilte romhat.
M: ... An bhfuil naipcín agat?
S: Tá. Seo duit.
M: Go raibh míle maith agat.
S: … Slán leat, a Mháire.
M: Slán agat.

**Conversation 4**

Hi, *Mary*.
Hi *Sean*.
How are you?
I'm fine, but I'm thirsty.
Were you outside?
Yes, and I didn't have water.
Would you like a cup of lemonade?
I would, please.
… Here you are.
Thank you.
You're welcome.
... Do you have a napkin?
Yes. Here you are.
Thanks a lot.
Bye, Mary.
Goodbye.